


Fótaisintéis | Nótaí Ábhar

Fótaisintéis — an próiseas ina ndéantar siúcraí a tháirgeadh ó CO₂ agus H₂O, agus solas na gréine in úsáid mar fhoinsé fuinnimh.

Cothromóid cheimiceach chothromaithe:



- Tá an chuid inmheánach den **chlóraplast** comhdhéanta den **stroma** (sreabhán uisciúil) agus carn de **scannáin thíleacóideacha** ar a dtugtar **gránam**. Tá na líocha **clóraifille** sna scannáin thíleacóideacha (cruthaítear é seo ó mhaighnéisiam a fhaigheann plandaí ón ithir). Eagraítear na líocha anseo ina mbraislí ar a dtugtar **fótachórais**.
- Fótalú** - scoilteadh H₂O ina leictreoin, iain Hidrigine (prótóin) agus ocsaigin.
- Glacann móilíní clóraifille fuinneamh sholas na gréine isteach, agus scaoiltear leictreoin ó na móilíní clóraifille dá bharr sin. Téann na leictreoin a tháirgtear le fótalú in ionad na leictreon a chailtear nuair a ghlacann móilíní clóraifille fuinneamh isteach. Stóráiltear iain hidrigine i linn prótón agus scaoiltear ocsaigin isteach san atmaisféar nó úsáidtear í i riospráid laistigh den duilleog. Tagann na leictreoin (ón móilín clóraifille), na prótóin (ón linn prótón) agus CO₂ ón atmaisféar go léir isteach le chéile chun carbaihiodráití a dhéanamh (ar dtús d'fhéadfaí glúcós a thiontú ina mhóilíní eile a theastaíonn ó chealla, nó é a stóráil mar stáirse).